



# Na hAiligéadair Nach bhFeictear le Hayes Roberts




translated by Gabriel Rosenstock a d'aistrigh



Dhúisigh Sáraí. ‘Trioblóid!’ ar sise. Bhí a fhios ag an moncaí beag go mbeadh trioblóid ann.



Amach as an leaba léi. 'Trioblóid!' ar sise.  
Bhí droichead an chaisleáin leagtha.




Bhí an staire clúdaithe le bréagáin.  
'Trioblóid!' arsa Sáraí.







‘Beidh mé i dtrioblóid má tá m’obair bhaile ite ag na lámaí sin,’ arsa Sáraí bhocht.



Bhí an Rang Ailgéabair beagnach thart faoin am ar shroich sí an scoil.  
'Agus bhain láma plaic as mo leabhar Gaeilge,' arsa Sáraí léi féin. Bhí imní uirthi go  
mbeadh sí i dtríoblóid.




'Trioblóidí!' ar sise.



An mbeidh deireadh go deo lena cuid trioblóidí?



An oíche sin, d'fhan sí ina dúiseacht ar feadh i bhfad.  
Chuala sí eireabaill fhada ag siosarnach faoin leaba!




D'fhéach sí faoin leaba. Ababúna! Ailigéadair!  
'Cad sa diabhal atá ar siúl anseo?' ar sise.






‘Is mise Ali. Sinne na hAiligéadair Nach bhFeictear,’ arsa Ali Ailigéadar le Sáraí.






'Lean mise go bhfeicfidh tú,' arsa Ali.



'Is breá linne T & T, tubaistí agus trioblóidí,' arsa Ali.



'Chuireas an cianrialtán I bhfolach.  
Beidh an chaora bhocht sin á lorg ar feadh seachtaine!' arsa Ali.



‘Sa teach seo, sciobamar an meascán císte  
seacláide agus chuireamar brocaílí ina áit. Trioblóid!’



‘Má chanaimid suantraí don dobhareach, titfidh an hiopó bocht ina chodladh san fholcadán agus éireoidh a chraiceann cosúil le prúnaí! Trioblóid!’

‘Ababúna! Cén fáth a mbíonn sibh ag lorg trioblóide an t-am go léir?’ arsa Sáraí.  
‘Ceist mhaith,’ arsa Ali. ‘Lean mise.’





Ar ghaidh leo go dtí oifig na nAiligéadar Nach bhFeictear.



‘Is é seo do Leabharsa, a chailín,’ arsa Ali le Sáraí.  
‘Tá do chuid trioblóidí go léir sa Leabhar seo –  
agus gach uair a sháraigh tú na trioblóidí sin, Sáraí!’






‘An-ait,’ arsa Sáraí, ‘an-ait go deo.’


Theastaigh uaithi dul abhaile agus dul ar ais a chodladh. ‘Slán agus beannacht!’



Bhí an staighre clúdaithe le clocha móra.  
D'ardaigh sí iad go léir – ar eagla go mbainfeadh timpiste de dhuine éigin.




Bhí droichead le cur di – ach chaithfeadh sí é a dheisiú i dtosach!



Cad a chonaic sí ansin ach tréad gabhar. Ababúna! Bhí a fhios aici go mbeidís trioblóideach mura gcanfadh sí amhrán dóibh. Chan sí Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam dóibh: is breá leo an dara véarsa de!





Tá dhá ghabhar sa choill agam is caoirigh geala, caoirigh geala  
Ní íosfaidh siad aon ní dom ach barr an aitinn,  
barr an aitinn . . .



Chodail sí go sámh agus ní fhaca sí Ali agus  
na hAiligéadair nach bhFeictear ón oíche sin ar aghaidh.

A Chríoch.





bluebison.net